MÍREANNA MEARAÍ

STRAITÉISÍ SEOMRA RANGA

Is **gníomhaíocht foghlama chomhoibríoch** í seo. Déanann na scoláirí grúpa baile agus tugtar fadhb/tasc/ceist do ghrúpa baile le taighde. Briseann siad ina 'ngrúpaí saineolaithe' agus faigheann siad saineolas a chuirtear isteach i réiteach ginearálta na faidhbe. Díreach mar atá i **míreanna mearaí**, tá páirt gach scoláire riachtanach chun fadhb an ghrúpa bhaile a réiteach agus a thuiscint go hiomlán

Treoracha

Is é an fáth a bhfuil an ghníomhaíocht seo chomh héifeachtach go bhfuil cuid gach scoláire den fhreagra riachtanach, ag tabhairt cumhachta dóibh mar shaineolaithe agus ag tabhairt a ndúshláin a bheith cuntasach don ghrúpa baile.



- Roinn an rang i ngrúpaí de 4, 5 nó 6 (ag brath ar cé mhéad píosa a theastaíonn uait sna míreanna mearaí). Is é seo an grúpa baile.
- Sanntar na róil seo: Cláraitheoir, Maor Ama, Tuairisceoir agus Bainisteoir (nó eile de réir mar is cuí).
- Soiléirigh na róil: Coinníonn an cláraitheoir nótaí don ghrúpa, cinntíonn an bainisteoir go bhfanann an grúpa ar an tasc agus go mbíonn ionchur ag gach duine, tugann an tuairisceoir aiseolas don rang ar chinntí an ghrúpa.
- Cuir fadhb ghinearálta i láthair an ghrúpa bhaile le réiteach. D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm ceiste nó ina cás a chaithfí a imscrúdú.
- Scar na scoláirí ina ngrúpaí 'saineolaithe', go hidéalach ag stáisiúin timpeall an tseomra má bhíonn spás ann.
- Faigheann scoláirí eolas ag a gcuid stáisiúin saineolaithe a chuirtear isteach i réiteach fhadhb an ghrúpa bhaile. D'fhéadfaí an t-eolas seo a fháil trí fhaisnéis a léamh agus príomhphointí a bhaint aisti nó trí mhionfhadhb a réiteach.
- Tar éis do na scoláirí saineoleolas a fháil, téann siad ar ais sa ghrúpa baile. Iarr ar scoláirí a gcuid saineoleolais a roinnt. Ar deireadh, úsáideann siad an saineolas chun an fhadhb fhoriomlán a réiteach nó freagra a chruthú ar an gceist taighde.

Leideanna

- Bog thart ó ghrúpa go grúpa, ag breathnú ar an bpróiseas. Má tá trioblóid ag aon ghrúpa (m.sh., tá ball ceannasach nó ag cur isteach), déan an idirghabháil chuí. Faoi dheireadh, is fearr don bhainisteoir an tasc seo a láimhseáil. Is féidir tacú le róil bhainisteora trí threoir a thabhairt i gcogar ar an gcaoi le hidirghabháil a dhéanamh, go dtí go dtiocfaidh siad isteach air.
- Cuir i gcuimhne do Mhaoir Ama díriú ar níos mó ná an t-am clabhsúir.
- Bí sásta ligean do na grúpaí dul ar aghaidh leis an obair. B'fhéidir go bhfaighidh tú amach nuair a ghlacfaidh scoláirí a róil saineolaithe orthu féin, go mbeidh siad an-spreagtha a gcuid oibre a chur i gcrích ina n-aonar.
- Tabhair am chun plé a dhéanamh leis na scoláirí.
- Ag deireadh na gníomhaíochta, roghnaigh modh measúnaithe a chuidíonn leis na scoláirí a thuiscint cad é a d'fhoghlaim siad tríd an eispéireas foghlama comhoibríoch seo.

Príomhinniúlachtaí

- Cumarsáid éifeachtach
- Ag obair le daoine eile
- A bheith éifeachtach go pearsanta
- Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach
- Próiseáil faisnéise
- Faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú
- Scileanna litearthachta agus uimhearthachta a fhorbairt
- Inniúlacht dhigiteach a fhorbairt

Acmhainní

- Breac-chuntas ar thasc/fadhb nó ceist taighde do ghrúpaí baile
- Foinsí faisnéise do Shainghrúpaí

Leagan amach an tseomra

- Grúpaí de 4, 5 nó 6 scoláirí
- Stáisiúin saineolaithe scaipthe go hidéalach timpeall an tseomra

Measúnú

- Tráth na gceist gairid ag an deireadh chun achoimre a dhéanamh ar an bhfoghlaim
- Breathnóireacht ar ghníomhaíocht ghrúpa
- Ceistiú ar dhaoine aonair agus i ngrúpaí le linn na gníomhaíochta
- Cur i láthair grúpa don rang

Ag tacú leis an obair bhaile

- Is féidir leis an obair baile a bheith bunaithe ar smaointeoireacht an ghrúpa. Is féidir le cláraitheoirí na nótaí a roinnt ag deireadh an ghrúp-phlé.

CC BY NC

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers